Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

# Luas Chorcaí
# Comhairliúchán Poiblí
## An Bealach is Dealraithí a Roghnófar 2025





SUTTONS COALS
THE LONDON HOUSE
BAKER & WRIGHTS
D·S
B·S
PIANOFORTE
WAREHOUSE
DANIEL SHEEHAN
PATRICK ST.CORK.495.W.L.

# 00 Clár an Ábhair

01 Fáilte chuig Luas Chorcaí ........ 5
02 Cad é Luas Chorcaí? ........ 7
03 Comhairliúchán Poiblí ........ 11
04 Príomhthairbhí Luas Chorcaí ........ 12
05 Próiseas Roghnúcháin an Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar ........ 21
06 An Bealach is Dealraithí a Roghnófar ........ 23
07 Na Chéad Chéimeanna Eile do Luas Chorcaí ........ 36
08 Deiseanna agus Dúshláin ........ 37
09 Bíodh Tuairim Agat ........ 39



Íomhá an chlúdaigh tosaigh le caoinchead ó Jim McCarthy Photography




## EOCHAIREOLAS - FAISNÉIS THÁBHACHTACH

- An Bealach is Dealraithí a Roghnófar do Luas Chorcaí
- # Stad Luas
- P&R Iosta Páirceála agus Taistil atá Beartaithe
- Mol Soghluaisteachta atá Beartaithe
- Acomhal Iompair Phoiblí
- Líne Iarnróid Trom Reatha

**Stadanna Luas atá beartaithe**

1. Bóthar Charraig an Earra
2. Baile an Chollaigh Thiar
3. Baile an Chollaigh Thoir
4. Bóthar Chill na hOmnaí
5. Bóthar na Claise Duibhe (Iosta Páirceála agus Taistil atá Beartaithe)
6. An Pháirc Eolaíochta (Stad amach anseo)
7. MTU (Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan)
8. Bóthar Melbourn
9. Bóthar an Churraichín
10. CUH (Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh)
11. Crois Uí Dhuineacha
12. UCC (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh)
13. Sráid Washington
14. Sráid Phádraig
15. Sráid Mhic Curtáin
16. Stáisiún an Cheanntaigh
17. Bóthar na Páirce Láir
18. Páirc Uí Chaoimh
19. Lána na Reilige
20. Bóthar an Tobair
21. Bóthar Ghleann na Coille
22. Bóthar na Sceiche Airde
23. An Glasbhealach
24. Ionad Siopadóireachta Mahon Point (Mol Soghluaisteachta atá Beartaithe)

# 01 Fáilte chuig Luas Chorcaí

## Fáilte chuig an gcomhairliúchán poiblí neamhreachtúil seo ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar (an EPR) do Luas Chorcaí.

Tá Luas Chorcaí ar chomhréim le roinnt cuspóirí de Thionscadal Éireann 2040, straitéis fhadtéarmach uileghabhálach an Rialtais chun tír níos fearr a dhéanamh d'Éirinn do chách. Le Luas Chorcaí, cumasaítear dlúthfhás, soghluaisteacht inbhuanaithe, rochtain ar oideachas, ar fhostaíocht agus ar chúram sláinte, agus aistriú chuig sochaí ísealcharbóin.

I ndiaidh anailís a dhéanamh ar réimse roghanna, molaimid anois Bealach is Dealraithí do Luas Chorcaí. Gabhann an Bealach is Dealraithí a Roghnófar soir trasna na cathrach – ó Bhaile an Chollaigh go hIonad Siopadóireachta Mahon Point.

Sula ngabhfaimid ar aghaidh níos faide, ba mhaith linn bhur dtuairimí a fháil. Mínítear sa bhróisiúr seo an t-ailíniú a bheartaítear, a thairbhí, agus a thionchair agus conas is féidir leat do thuairimí agus do smaointe a chur in iúl dúinn.

Cuirfidh Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) Luas Chorcaí ar bun agus dearadh é i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair (an ÚNI). Táimid tiomanta, i dteannta a chéile, do rannpháirtíocht an phobail i bpróiseas dearaidh an phíosa thábhachtaigh de bhonneagar iompair seo.

**Is é misean an ÚNI muintir agus áiteanna na hÉireann a cheangal trí bhonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar, anuas ar obair chun an t-éileamh ar iompar a laghdú – nithe a chabhraíonn le hastaíochtaí carbóin a ísliú.**

**Is é cuspóir BIÉ bonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar, a chuireann caighdeán níos fearr beatha ar fáil, a thacaíonn le borradh geilleagrach agus a léiríonn meas ar an timpeallacht.**



**Tá súil againn go scrúdóidh tú an togra agus go gcuirfidh tú ar an eolas sinn ar do chuid tuairimí.**



# 02 Cad é Luas Chorcaí?


Is líne iarnróid éadroim é Luas Chorcaí a chruthóidh ceangal nua iompair phoiblí ó Bhaile an Chollaigh go Machain. Is córas ardlín paisinéirí é Luas. Bunaithe ar anailís ar an éileamh ar iompar, meastar go n-úsáidfidh a mhéid le 2,300 paisinéir an córas gach uair an chloig i ngach treo le linn buaic-amanna agus beidh seirbhísí ag feidhmiú gach sé nóiméad, nó níos minice, má rachaidh an t-éileamh i méid.

Taistealaíonn Luas ar leibhéal na sráide, a dhéanann áisiúil é chun léim ann agus léim amach agus tá Luas inrochtana do gach úsáideoir de bharr nach bhfuil aon chéimeanna ná ardáin arda ann.

Meastar go nglacfaidh sé 35 nóiméad chun taisteal ó Bhaile an Chollaigh go lár na cathrach agus 20 nóiméad breise go dtí Machain agus cuirfidh Luas Chorcaí nasc díreach ar fáil idir Baile an Chollaigh, MTU, CUH, UCC, lár Chathair Chorcaí, Stáisiún an Cheanntaigh, Ceantar Dugaí Chorcaí, Páirc Uí Chaoimh, an Dúcharraig agus Ionad Siopadóireachta Mahon Point. Tá áis Páirceála agus Taistil sa Bhealach is Dealraithí a Roghnófar i mBaile an Chollaigh, anuas ar Mhol Soghluaisteachta beartaithe i Machain.

Beidh páirceáil rothar, pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha agus pointí bailithe/fágála sa dá láthair. Déanfaidh Luas Chorcaí cómhalartú le seirbhísí bus feadh an bhealaigh agus le seirbhísí iarnróid ag Stáisiún an Cheanntaigh. Tapófar deiseanna fad a bheidh Luas Chorcaí á dhearadh agus á thógáil, chun an ríocht uirbeach agus an tírdhreachú a chur chun feabhais. Ní bheidh aon cháblaí lasnairde in áiteanna i lár na cathrach mar gheall go n-úsáidfear an teicneolaíocht chadhnraí iompair is déanaí.

Cuirfidh toilleadh, iontaofacht agus compord Luas Chorcaí rogha eile mhealltach ar fáil do dhaoine ar charranna agus cabhróidh sin le ceann de na cathracha is neodraí ó thaobh na haeráide san Eoraip a dhéanamh de Chorcaigh.






## Straitéis Iompair Mhórcheantar Chorcaí (CMATS)

Is cuid lárnach é Luas Chorcaí de Straitéis Iompair Mhórcheantar Chorcaí (CMATS). Soláthrófar in CMATS sraith seirbhísí iompair phoiblí lena n-áirítear BusConnects, feabhsúcháin iarnróid throim, bonneagar sábháilte rothaíochta agus siúil, agus Luas Chorcaí. Cuirfidh an ré nua seo d'iompar poiblí ar chumas Chorcaí forbairt ina cathair inrochtana, cheangailte agus bheoga. Tá CMATS ag teacht go mór le beartais náisiúnta eile, ar nós:


- An Bealach is Dealraithí a Roghnófar
- Láthair agus ainmneacha na stadanna a bheartaítear
- Áiseanna rothaíochta agus coisithe a bheartaítear
- Saincheisteanna ríochta poiblí agus timpeallachta















EOCHAIRGHNÉITHE
18km ó Bhaile an Chollaigh go hIonad Siopadóireachta Mahon Point trí lár chathair Chorcaí
Suas le 25 Stad Luas
Cáblaí lasnairde ar bith trí lár na cathrach
Acomhal Ardchaighdeáin le Stáisiún an Cheanntaigh
Droichead nua ó Ché Uí Argáin go Cé Uí Chinnéide
BALLINCOLLIG
MAHON
LUAS
PRÍOMHTHAIRBHÍ
Tramanna níos minice chuig ionaid spóirt agus imeachtaí nuair is gá
Tramanna gach 6 nóiméad
$CO_2$ Astaíochtaí laghdaithe iompair
Baile an Chollaigh go Lár Chathair Chorcaí 35 nóiméad
Comhairle Cathrach Chorcaí
Páirceáil agus Taisteal na Fuinseoige Duibhe
Comhairle Cathrach Chorcaí
Ionad Siopadóireachta Mahon Point go Lár Chathair Chorcaí 20 nóiméad
Suas le 2,300 paisinéir in aghaidh na huaire in aghaidh an treo ag buaic-amanna
16 mhilliún paisinéir mar éileamh tuartha in aghaidh na bliana
100,000 duine laistigh de thuras rothair 15 nóiméad ó stad Luas (faoi 2035)
65,000 duine laistigh de shiúl 15 nóiméad ó stad Luas
LUAS

# 03 Comhairliúchán Poiblí

## Na rudaí a bhfuil comhairle á fáil againn orthu agus an fáth atá leis

Is tábhachtach deis a thabhairt do gach duine ar dóchúil go mba spéis leo ár dtograí nó go ndéanfaidh siad difear dóibh, chun páirt a ghlacadh i ndearadh agus i bpleanáil Luas Chorcaí, go háirithe ag an gcéim luath seo den fhorbairt. Tá d'aiseolas á lorg againn, go sonrach, ar an méid seo a leanas:

- An Bealach is Dealraithí a Roghnófar
- Láthair agus ainmneacha na stadanna a bheartaítear
- Áiseanna rothaíochta agus coisithe a bheartaítear
- Saincheisteanna ríochta poiblí agus timpeallachta

**Nocht do thuairim ag www.luascork.ie**



# 04 Príomhthairbhí Luas Chorcaí

## 1. An chathair a athrú ó bhonn

Beartaítear go mbeidh Corcaigh ar an gcathair is mó fáis in Éirinn go ceann 20 bliain agus meastar go dtiocfaidh fás idir 50 agus 60 faoin gcéad ar dhaonra na cathrach. Léirítear an mhuinín sa bhorradh atá ag teacht ar Chorcaigh sa mhórmhéid infheistíochta atá á déanamh sa chathair, i roinnt de na tionscadail athnuachana is mó sa tír, bonneagar nua rothaíochta agus siúil agus oibreacha athnuachana uirbí ina measc.

Tá baint lárnach ag tionscadail iompair phoiblí ardchaighdeáin, cosúil le Luas Chorcaí maidir le hathnuachan mhórscála a sholáthar, cosúil le Ceantar Dugaí Chathair Chorcaí a fhorbairt, a bhfuil súil leis go soláthróidh an fhorbairt sin 20,000 áit chónaithe nua agus beagnach 25,000 post ar fud an tsuímh 4.2 acra ag Cé Uí Chinnéide agus sa cheantar dugaí máguaird.

Níl an borradh seo inbhainte amach ná inbhuanaithe gan iompar poiblí rialta iontaofa agus gan bonneagar taistil ghníomhaigh a cheanglaíonn pobail agus comharsanachtaí.


**Infheistíocht agus Turasóireacht**
Tá Corcaigh rangaithe mar an chathair bheag is fearr san Eoraip i dtaobh acmhainn gheilleagrach i gCathracha agus Réigiúin Eorpacha na Todhchaí 2022/2023 de chuid Financial Times FDI.

Beartaítear go ndéanfar áit mhealltach a aithnítear go hidirnáisiúnta de Chathair Chorcaí i dtaobh tionscadail mhóra infheistíochta isteach.

Is príomhghné san eispéireas cuartaíochta freisin é iompar poiblí. Meallann iarnród éadrom maith turasóirí. Tá sé níos simplí mar gheall go bhfuil na bealaí buan agus an-infheicthe. Beidh ról lárnach ag Luas Chorcaí i dtaobh cháil agus mhargaíocht na cathrach mar cheann scríbe sofaisticiúil inchónaithe.

**Turasóireacht agus spórt**
Ceanglóidh Luas Chorcaí príomhspásanna turasóireachta, spóirt agus caitheamh aimsire, ar nós:

- Páirc Mhic Gearailt/ Airéine na Muirdíge
- Dánlann Glucksman
- An Margadh Sasanach
- Páirc Uí Chaoimh
- An Cheathrú Victeoiriach



## 2. Amanna aistir tapa iontaofa

Cuirfidh Luas Chorcaí amanna aistir níos minice agus níos iontaofa ar fáil ná aon mhodhanna eile taistil feadh an bhealaigh seo. Spreagfaidh an tseirbhís ardchaighdeáin seo daoine a gcarranna a fhágáil sa bhaile, rud a laghdóidh brú tráchta ar fud na cathrach. Cuirfear spás ar fáil do thaisteal gníomhach agus d'úsáidí níos sóisialta tríd an méid carranna i lár na cathrach a laghdú.

Glacfaidh sé 13 nóiméad ar phaisinéirí taisteal ó Bhaile an Chollaigh go MTU, 27 nóiméad go UCC, agus níos lú ná 20 nóiméad chun taisteal ó hIonad Siopadóireachta Mahon Point go stad Stáisiún an Cheanntaigh, gan a bheith buartha faoin mbuaicthráth tráchta ná faoi pháirceáil.

**Oideachas Tríú Leibhéal**
Braitheann go leor mic léinn agus foirne tríú leibhéal ar charranna, rud a chruthaíonn brúnna páirceála ag a gcoláiste nó a n-ollscoil agus a chuireann teorainn leis an teacht ar oideachas. Freastalaíonn an Bealach is Dealraithí a Roghnófar de chuid Luas Chorcaí ar phríomhinstitiúidí tríú leibhéal – UCC, MTU agus Coláiste Tráchtála Chorcaí – a chuireann ar chumas na foirne agus na mac léinn a spleáchas ar charranna a laghdú agus aistriú go hiompar poiblí.

**Oideachas Dara Leibhéal**
Beidh na mílte scoláire meánscoile laistigh d'fhad siúil 1 chiliméadar ó stad Luas. Is féidir le tuismitheoirí muinín a bheith acu go mbainfidh a leanbh an scoil amach go slán agus in am de



bharr iontaofacht agus shábháilteacht an iarnróid éadroim. Is féidir le scoláirí dul ar scoil gan a bheith ag brath ar charranna mar gheall ar an bpáirceáil rothar ag stadanna agus ar na cosáin do choisithe agus na raonta rothar nua a thógfar.

## 3. An chéad chathair in Éirinn atá neodrach ó thaobh carbóin de


Roghnaigh an Coimisiún Eorpach Corcaigh go ndéanfar di ceann de na chéad chathracha atá neodrach ó thaobh na haeráide de san Eoraip, rud a dhéanfaidh ceann de na 100 cathair de Chorcaigh ina ndéanfar an Eoraip a stiúradh ó thaobh ghníomhú ar son na haeráide. Scaoiltear san iompar le 30 faoin gcéad de na gáis cheaptha teasa in Éirinn. Tá sé ríthábhachtach an t-iompar a bhunathrú chun cathair chliste atá neodrach ó thaobh carbóin de a dhéanamh de Chorcaigh. Mar thoradh ar a ardtoilleadh, déanann iarnród éadrom i bhfad níos lú fuinnimh a úsáid ná cineálacha eile d'iompar. Is féidir le tram amháin 300 duine a iompar – arb ionann sin agus 240 carr.

Trí na mílte aistir cairr agus ciliméadair feithicle a bhaint ón mbóthar, cuirfidh Luas Chorcaí le hastaíochtaí carbóin iompair na hÉireann a laghdú.


## 4. Taisteal Gníomhach

Teastaíonn ó thodhchaí an taistil go roinnimid an bóthar ar bhealach níos cothroime idir coisithe, rothaithe, iompar poiblí agus carranna.





### Teastaíonn ó 300 duine



Cuirfidh Luas Chorcaí taisteal gníomhach chun cinn trí spás ar an mbóthar a bhunathrú agus a athdháileadh. Tógfaimid raonta rothar agus cosáin chomhthreomhara feadh stráicí den bhealach. Sa mhullach ar níos mó páirceáil rothar, déanfar Luas Chorcaí a chomhcheangal gan stró le gréasán raonta rothar reatha agus a bheartaítear i gCorcaigh.

## 5. Taisteal comhtháite

Is fearr a oibríonn iompar poiblí nuair is féidir le paisinéirí aistriú go háisiúil ó mhodh iompair amháin go modh eile. Cruthóidh Luas Chorcaí deiseanna cómhalartaithe le bonneagar bus, iarnróid, rothaíochta agus siúil feadh an bhealaigh.

Beidh Stáisiún an Cheanntaigh i gceartlár na gníomhaíochta i gCeantar na nDugaí Thuaidh agus glacfaidh sé le ról i bhfad níos mó mar mhol cómhalartaithe leis na modhanna iompair go léir. Cuirfear rochtain freisin ag stadanna i lár na cathrach ar sheirbhísí bus Expressway/ Idirchathrach ó Bhusáras Chathair Chorcaí ag Plás Parnell. Rinneadh breithniú freisin ar BusConnects Chorcaí a thabhairt isteach go leanúnach i gcomhthráth le Luas Chorcaí. Bhí BIÉ ag oibriú go dlúth leis an Údarás Náisiúnta Iompair (an ÚNI) lena chinntiú go gcuireann na córais lena chéile.



## 6. Mol Páirceála agus Taistil agus Soghluaisteachta

Mar chuid den straitéis iompair níos fairsinge do Pháirceáil agus Taisteal i gCorcaigh, shainaithníomar suíomhanna féideartha ag gach deireadh de bhealach beartaithe Luas Chorcaí. Chuirfeadh áis Páirceála agus Taistil i mBaile an Chollaigh, ina mbeadh spásanna carrpháirceála agus páirceáil rothar, ar chumas comaitéirí ón N22 aistriú chuig Luas lena n-aistear a dhéanamh isteach i gCathair Chorcaí. Chuirfeadh Mol Soghluaisteachta níos lú ag Machain áiseanna breise, cosúil le páirceáil rothar, carr-roinnt, naisc leis an mbonneagar siúil agus rothaíochta áitiúil agus cómhalartú le Luas agus busanna.

## 7. Sábháilte agus deartha do chách

Cuireann BIÉ “inrochtaineacht do chách” i gcroílár a oibre. Tá trealamh fógraí fuaime agus amhairc ar thramanna Luas a dhéanann fógraí ‘an chéad stad eile’ chun cabhrú le daoine a bhfuil deacrachtaí amhairc nó éisteachta acu.

Cuirfidh Luas Chorcaí na nithe seo a leanas ar fáil:

- Soilsiú sráide ag stadanna agus sa cheantar máguaird
- Bonneagar saor ó bhacainní agus ó chéimeanna, a dhéanann taisteal níos éasca dóibh siúd a bhfuil saincheisteanna soghluaisteachta acu, a bhfuil bagáiste acu nó atá i bhfeighil leanaí óga i mbugaithe



- Tramanna ina bhfuil go leor spáis do naíchóistí dúbailte agus do chathaoireacha rothaí
- Lámhráillí do leanaí
- Suíocháin ag scáthláin stad

Tacóidh Luas Chorcaí le daoine a bhfuil Cárta JAM acu. Ligeann an Cárta JAM do dhaoine a bhfuil bac cumarsáide rompu a thabhairt le fios ar bhealach discréideach agus éasca do dhaoine eile go dteastaíonn 'Díreach Nóiméad' uathu.

Anuas air sin, tá taighde á stiúradh ag BIÉ ar riachtanais faoi leith phaisinéirí baineanna in iompar poiblí, slándáil agus rochtain san áireamh. Léirítear i dtuarascáil BIÉ "Travelling in Women's Shoes" conas a théann iompar poiblí a dearadh do riachtanais bhan chun leasa gach duine.

Laghdaíonn iompar poiblí inacmhainne iontaofa an gá atá le carr a bheith ag daoine. Déanfaidh Luas Chorcaí níos tapúla agus níos éasca é ar dhaoine teacht ar fhostaíocht, ar sheirbhísí sláinte agus ar oideachas.

## 8. Tírdhreach, Bithéagsúlacht agus Dearadh Uirbeach

De réir mar a fhorbraítear Luas Chorcaí ón mBealach is Dealraithí a Roghnófar ina dhearadh mionsonraithe, déanfar na spásanna poiblí, na tírdhreacha áitiúla, na rotharbhealaí, na háiteanna agus na ceangail go léir a fhorbairt agus a chomhtháthú isteach sa scéim agus cuirfear na prionsabail dearaidh seo a leanas i bhfeidhm;

**Meas a léiriú ar Shuíomhanna Tírdhreacha**
Nádúr an tírdhreacha áitiúil a anailísiú agus a thuiscint agus meas a léiriú ar na suíomhanna áitiúla tírdhreacha feadh an bhealaigh. Tírdhreacha áitiúla a athchóiriú agus a athsholáthar áit ar bith a bhféadfadh gur gá crainn agus teorainneacha a bhaint.

**Bithéagsúlacht a Fheabhsú**
Deiseanna a uasmhéadú le feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht áitiúil; réitigh thírdhreacha inbhuanaithe a chuimsiú, Draenáil Uirbeach Inbhuanaithe (SUDanna), nuair is cuí, agus bonneagar Gorm/Glas a fheabhsú feadh an bhealaigh.

**An Ríocht Phoiblí a Fheabhsú**
Deiseanna a lorg chun spásanna i sráidbhailte agus uirbeacha a fheabhsú agus spásanna mealltacha agus caidreamhacha poiblí a chruthú ag príomhláithreacha feadh an bhealaigh. Limistéir choisithe, taisteal gníomhach, cur crann ar an tsráid agus troscán sráide a fheabhsú le sráid-dreacha ilfheidhmeacha agus beoga a chruthú.

**Rochtain ar Spás Oscailte a Fheabhsú**
Rochtain chothrom ar spás oscailte ón gcroíbhealach a spreagadh. Naisc agus nascacht le Páirceanna na Laoi, an Glasbhealach ón Laoi go dtí an Fharraige, an Mhuirdíog agus an Mhuiríne a fheabhsú. Naisc áitiúla agus bealaí mealltacha a chur chun cinn go dtí agus ó stadanna Luas.





BORDEAUX
CLAVEAU

# Cás-Staidéar

## Cathair Bordeaux – Ardchathair Bordeaux

Osclaíodh an chéad líne nua i mí na Nollag 2003. Chuir ceithre shíneadh le fad an bhealaigh go dtí beagán de bhreis ar 77 ciliméadar agus tá níos mó bealaí ar na bacáin. Tugadh faoi deara an tionchar atá ag an tram ar an gcathair ní hamháin i dtaobh daoine a bhogadh thart. Bhí tionchar i bhfad níos fairsinge aige ar struchtúr na cathrach agus ar an mbealach a thit forbairt nua amach. Chruthaigh tramanna in Bordeaux níos mó sráideanna insiúlta. Is beag fianaise atá ann go bhfuil fadhb tráchta i lár na cathrach agus chruthaigh stadanna tram gréasáin nua agus spásanna poiblí comhchoiteanna nua.




Buntáistí an Iarnróid Éadroim in Bordeaux





# 05 Próiseas Roghnúcháin an Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar

## Léargas Ginearálta

Bhí trí chuspóir trí chéile don scéim sa phróiseas leis an mBealach is Dealraithí a Roghnófar a shainaithint:

- Freastal ar an éileamh reatha agus amach anseo i measc paisinéirí
- Nasc sábháilte, rialta, iontaofa, éifeachtúil agus inbhuanaithe iompair phoiblí a chur ar fáil
- Amanna aistir iompair phoiblí a laghdú

## Próiseas Roghnúcháin an Bhealaigh

Úsáideadh na critéir seo a leanas le roghanna bealaigh i rith gach céime a fhorbairt:

- Measúnú ar Úsáid Talún agus ar Phleanáil Iompair
- Comhtháthú leis an mbeartas iompair agus leis an ngréasán iompair reatha agus a bheartaítear
- Innealtóireacht agus spásphromhadh
- Measúnú Timpeallachta
- Inrochtaineacht agus ionchuimsiú sóisialta
- Sábháilteacht agus slándáil
- Tionchair gheilleagracha
- Deiseanna do ghníomhaíocht choirp

Tá Tuarascáil Roghnúcháin na Roghanna Chéim 1 ar fáil ar líne ag: www.luascork.ie




### CÉIM A
294 cuid de líonra na cathrach measúnaithe le haghaidh inmharthanachta chun freastal ar Luas Chorcaí

### FORBAIRT AN DEARAIDH
Dearadh forbartha chun tuilleadh measúnaithe a dhéanamh chun codanna inmharthana agus neamh-inmharthana a shainaithint

### CÉIM B
Anailís il-chritéar curtha i gcrích ar gach bealach fo-limistéir

### CÉIM C
Anailís il-chritéar ar 12 Rogha Bealaigh ó Cheann go Ceann

### SAINAITHINT
An Bealach is Dealraithí a Roghnófar do Luas Chorcaí




Radharc táscach de Luas Chorcaí tríd an bPríomhshráid i mBaile an Chollaigh

# 06 An Bealach is Dealraithí a Roghnófar

Cuirtear léaráidí táscacha ar fáil den chuma a d'fhéadfadh a bheith ar an mbealach ar na leathanaigh seo a leanas.

**Baile an Chollaigh**
Tosaítear an Bealach is Dealraithí a Roghnófar (an EPR) do Luas Chorcaí i mBaile an Chollaigh ar an taobh thiar den chathair. Ceanglaíonn lúb riain aonair trí Bhaile an Chollaigh Bóthar Leo Murphy agus Bóthar an Stáisiúin agus an Phríomhshráid agus ar ais go Bóthar Leo Murphy, agus athraíonn an leagan amach ag an bpointe sin go dtí leagan amach dhá rian níos gnáiche agus leanann sé ar aghaidh soir i dtreo lár na cathrach.

Tosaíonn sé ag Bóthar an Stáisiúin agus taistealaíonn an tram ó thuaidh ar rian aonair, agus taistealaíonn trácht feithiclí aontreo ó dheas. A luaithe a bhaineann sé Príomhshráid Bhaile an Chollaigh amach, taistealaíonn an tram soir in aontreo ar rian aonair tríd an sráidbhaile, agus ní thaistealaíonn an trácht feithiclí idir Bóthar an tSeandúin agus Acomhal Bhóthar an Stáisiúin ach siar amháin.

Tá dhá lána tráchta i ngach treo agus rian aonair Luas ó dheas ó Acomhal Bhóthar an tSeandúin ag an bPríomhshráid go dtí deireadh theas Bhóthar Leo Murphy.

Tagann athrú go dtí gnáthleagan amach riain dhúbailte ar an tram ag an acomhal idir Bóthar Leo Murphy agus Bóthar Chill na hOmnaí soir i dtreo lár na cathrach agus leanann an leagan amach riain aonair ar aghaidh siar i dtreo Bhóthar an Stáisiúin. Anuas ar athruithe ar bhainistíocht tráchta sa limistéar, beidh roinnt tógáil talún ag teastáil agus beidh roinnt carrpháirceála le baint leis an scéim a sholáthar.



Radharc Phríomhshráid Bhaile an Chollaigh faoi láthair



Radharc táscach de Luas Chorcaí trí Bhóthar Bhaile an Easpaig

**An Bóthar idir Baile an Chollaigh agus Wilton**
Leanann an EPR ó Acomhal Bhóthar Leo Murphy/ Bhóthar Chill na hOmnaí soir feadh Bhóthar Chill na hOmnaí go Timpeallán Chill na hOmnaí Thoir ar bhóthar an N22, a ndéanfar acomhal faoi rialú soilse tráchta de. I ndiaidh an timpeallán a thrasnú, leanann an bealach soir taobh leis an iosta agus an suíomh Páirceála agus Taistil a bheartaítear.

Leanann sé ina dhiaidh sin trí thalamh thalmhaíochta ar chonair scartha agus chosanta ar feadh thart ar 2.2km, go dtí go mbaineann sé Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) amach. Déanann raon rothar dhá bhealach comhthreomhar ceangal le Glasbhealach an Churraichín agus leis an gcosán ag bun Abhainn na Sabhrainne den stráice seo den chonair.

Iontrálann an EPR tailte MTU, trasnaíonn sé Abhainn na Sabhrainne ar dhroichead agus gabhann sé in aghaidh an chnoic idir na bhfaichí CLG agus an raoin lúthchleasaíochta atá ann faoi láthair go stad a bheartaítear os comhair ionad riaracháin an champais ar Bhóthar na hInstitiúide. Déanfar acomhal faoi rialú soilse tráchta de thimpeallán Bhóthar na hInstitiúide/ Ascaill Rossa agus casann an bealach amach ar Bhóthar Melbourn. Roinnfear an raon isteach go dtí an chathair leis an trácht ginearálta agus déanfar an raon amach ón gcathair a scaradh do thramanna amháin. Cuirfear lána tráchta scartha ó thuaidh ar fáil freisin ar Bhóthar Melbourn.

Tá mar aidhm ag an leagan amach a bheartaítear carachtar bruachbhailteach an cheantair a bhfuil crainn ar gach taobh den bhóthar a choimeád, agus trasnaíonn an bealach ag bun íochtarach Bhóthar Melbourn go trasnánach trí limistéar glas i dtreo Bhóthar an Churraichín, go stad a bheartaítear, a dhéanfar a shuíomh chun na crainn aibí agus na plandaí/toir atá ag fás a chosaint a mhéid agus is féidir. Anuas ar an EPR, beartaítear áiseanna rothaíochta feadh Bhóthar Melbourn chun nascacht mhaith le MTU a choimeád.

Casann an bealach ó Bhóthar Melbourn amach ar Bhóthar an Churraichín, áit a scarfar roinnt den ailíniú do thramanna amháin, agus roinnfear cuid eile de leis an trácht i gcoitinne agus le busanna sa dá threo.

Beartaítear acomhail nua faoi rialú soilse tráchta a chruthú a thugann tús áite do Luas feadh na stráicí den bhóthar a roinntear leis an trácht i gcoitinne. Teastóidh roinnt tógáil talún feadh an stráice seo den EPR, go príomha ar an taobh ó thuaidh de Bhóthar an Churraichín, le BusConnects agus Luas Chorcaí a éascú. Sa chás gur féidir, úsáidfidh an EPR do Luas Chorcaí an chonair a chuirtear ar fáil mar chuid de BusConnects le tús áite a thabhairt d'iompar poiblí agus an gá á íoslaghdú i gcomhthráth atá leis an mbóthar a leathnú níos mó sa cheantar.

Leanann an bealach a bheartaítear ó Bóthar an Churraichín soir agus baineann sé Bóthar Bhaile an Easpaig amach agus roinntear é leis an trácht i gcoitinne chomh fada le hOspidéal na hOllscoile, Corcaigh/Ionad Siopadóireachta Wilton. Is féidir gach modh iompair a scaradh anseo de bharr a leithne atá an bóthar faoi láthair, Luas, busanna, an trácht i gcoitinne, agus lánaí rothar ina measc.

Scarfar an EPR feadh theorainn an ospidéil agus casfaidh sé ó thuaidh ag Timpeallán Wilton. Cuirfear acomhal dlúth iompair phoiblí ar fáil sa limistéar seo le haistrithe ó bhus go Luas agus ó Luas go bus a éascú.

Beartaítear freisin Timpeallán Wilton reatha a uasghrádú agus acomhal nua faoi rialú soilse tráchta a dhéanamh de mar chuid de BusConnects, agus beidh roinnt mionathruithe ag teastáil ina dhiaidh sin mar chuid de scéim Luas Chorcaí ina dhiaidh sin.



Radharc de Bhóthar Bhaile an Easpaig faoi láthair.




Radharc táscach de Luas Chorcaí trí Bhóthar an Iarthair

**Bóthar Wilton go Lár Chathair Chorcaí**
Taistealaíonn an EPR ó Acomhal Wilton nua ó thuaidh feadh Bhóthar Wilton, trí Chrosaire Uí Dhuineacha go Crois Victoria, áit a gcasann sé soir amach ar Bhóthar an Iarthair i dtreo lár na cathrach. Beidh ceithre lána, ar an iomlán, ar Bhóthar Wilton feadh fhad iomlán an bhóthair, mar a bheartaítear do BusConnects Chorcaí. Ceadófar don trácht i gcoitinne taisteal sa dá lána láir agus ceadófar do BusConnects/Luas taisteal sa dá lána seachtrach. Cinnteoidh córas nua tosaíochta ag na hacomhail faoi rialú soilse tráchta éifeachtúlacht oibríochtúil feadh an stráice seo den chonair.

De réir mar a leanann an EPR trí Chrois Victoria agus amach ar Bhóthar an Iarthair, leanfaidh sé le conair bheartaithe BusConnects a roinnt. Cuirfear ceithre lána ar fáil: dhá lána lárnacha don trácht i gcoitinne i ngach treo agus dhá lána sheachtracha do BusConnects/Luas. Teastaíonn roinnt tógáil talún bhreise feadh an stráice seo den EPR, anuas ar an méid a theastaíonn do BusConnects, go príomha ar an taobh thoir de Bhóthar Chrois Victoria.

Beidh leagan amach feadh Bhóthar an Iarthair ar an EPR atá cosúil le scéim bheartaithe BusConnects, áis bheartaithe do rothaithe san áireamh feadh Shiúlán na Muirdíge.
Cuirtear ceithre lána ar fáil ar Bhóthar an Iarthair, ó Chrois Victoria go Siúlán an Phríosúin chun busanna agus Luas a scaradh go hiomlán ón trácht i gcoitinne.

Beartaítear leagan amach trí lána ó Shiúlán an Phríosúin go bealach isteach UCC ag acomhal Bhóthar Uí Dhonnabháin. Cuirfear an trácht i gcoitinne ar mhalairt slí ó bhealach isteach UCC amach ar Bhóthar na Muirdíge, agus leanfaidh Luas Chorcaí agus BusConnects ar aghaidh trí gheata iompair phoiblí amach ar Bhóthar an Iarthair feadh dhá lána a ghabhann sa dá threo. Ceadófar don trácht áitiúil an lána soir a roinnt le haghaidh rochtana.

Beidh rotharbhealaí trí lár na cathrach comhoiriúnach do BusConnects agus forbrófar iad i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí agus CycleConnects le sábháilteacht agus tréscaoilteacht go dtí agus tríd an gcathair do rothaithe a chinntiú.

Is féidir leo gabháil i gcomhthreo leis an mbealach nó ar shráideanna ina aice, ach atá ceangailte leis. Beartaítear conair atá saor ó shreanga agus cuaillí i limistéir áirithe i lár na cathrach, ag brath ar anailís mhionsonraithe bhreise.
Íoslaghdófar leis seo an tionchar a bheidh ar an ríocht phoiblí, ní bheidh an oiread céanna tranglaim ar na sráideanna agus beidh glasú na cathrach níos indéanta dá bharr.



Radharc de Bhóthar an Iarthair faoi láthair.




Radharc táscach de Luas Chorcaí trí Shráid Phádraig

## Luas Lár Chathair Chorcaí

Mar a bhí i gceist i seanchathracha Eorpacha eile, cruthaíonn trasnú trí chroílár stairiúil lár na cathrach dúshláin faoi leith. Tá ar an tram freastal ar chroílár na cathrach, agus an tionchar a íoslaghdú ar an timpeallacht thógtha agus tá air comhcheangal a dhéanamh le modhanna eile taistil agus leis an sráid-dreach ina dtógfar é. Ar an gcúis seo, scrúdaíomar roinnt bealaí eile go grinn, ar féidir teacht orthu i *dTuarascáil Roghanna Ailínithe Lár na Cathrach,* a uaslódáladh ar shuíomh gréasáin an chomhairliúcháin.

**An Bealach is Dealraithí a Roghnófar do Luas Chorcaí/ trí Shráid Phádraig go Stáisiún an Cheanntaigh**

Trasnaíonn an Bealach is Dealraithí a Roghnófar lár na cathrach trí Shráid Phádraig, Sráid Mhic Curtáin agus Stáisiún an Cheanntaigh, agus beidh stad tram ag gach ceann de na láithreacha seo. Leanann an bealach ar aghaidh arís ó Shráid Washington agus casann sé ar chlé amach ar Shráid an Chapaill Bhuí i dtreo Shráid Phádraig. Beartaítear nach n-úsáidfidh ach iompar poiblí an chonair den chuid is mó chomh fada le Droichead Phádraig, ach ceadófar roinnt seirbhísí a sholáthar don tsráid.

Tá sraith cor géar nach mór d'fheithiclí Luas taisteal timpeall orthu, agus tá roinnt caolas bóthair ann ar an mbealach ag cúinne Shráid Washington/Shráid an Chapaill Bhuí agus ag acomhal Shráid Phádraig/ Shráid an Chapaill Bhuí, agus d'fhéadfaí tionchar a bheith ar an bhfoirgneamh cúinne "Finn's Corner", faoi réir dearadh mionsonraithe breise.




Radharc de Shráid Phádraig faoi láthair




Radharc táscach de Luas Chorcaí trí Shráid Mhic Curtáin

Cosúil le Sráid Washington, sainaithneofar rotharbhealaí eile lena ligean do rothaithe na cora géara a sheachaint, mar gheall go bhféadfaidís a bheith deacair ar roinnt rothaithe rothaíocht timpeall orthu. De réir mar a dhéanann an dearadh dul chun cinn, forbrófar réitigh le gréasán raonta rothar comhcheangailte agus tréscaoilteach a chinntiú do lár na cathrach, agus Sráid Washington/Sráid an Chapaill Bhuí agus acomhal Shráid Phádraig á seachaint.

Déanfar Cearnóg Daunt do choisithe amháin, agus ní cheadófar rochtain feithiclí aneas a thuilleadh ar Chearnóg Daunt/Shráid Phóil.


Nuair a bhaineann an bealach Sráid Phádraig amach, leanann sé ar aghaidh soir agus ní chuireann sé isteach ar chosáin leathana agus ar shráid-dreach an spáis phoiblí thábhachtaigh seo i gcroílár na cathrach. Roinneann sé an bealach le busanna agus leis an trácht i gcoitinne ar thrasnú Dhroichead Phádraig agus Shráid Mhic Curtáin dó soir agus ní cheadaítear ach do bhusanna taisteal siar.

Ar nós sráideanna eile feadh an bhealaigh, beidh oibreacha ag teastáil ar Shráid Phádraig agus ar Shráid Mhic Curtáin chun freastal ar rianta nua Luas, fóntais a chur ar mhalairt slí agus mionathruithe ar línte colbha agus ar chosáin ina measc.

Taistealaíonn an bealach i dtreo Stáisiún an Cheanntaigh trí Shráid Ailfrid ón acomhal ag Bóthar Ghleann Maghair Íochtarach, agus roinneann sé an bealach le busanna atá ag taisteal soir.

Comhcheanglófar stad Luas isteach sa bhealach isteach nua a bheartaítear ar chúl Stáisiún an Cheanntaigh, a ligfidh do dhaoine aistriú gan stró a dhéanamh chuig seirbhísí iarnróid comaitéireachta agus idirchathrach (Commuter agus Inter-City), busanna, agus áiseanna eile cómhalartaithe.

Taistealaíonn an EPR ina dhiaidh sin ó dheas ar dhroichead iompair phoiblí nua trasna na Laoi ó Ché Uí Argáin go dtí Ceantar na nDugaí Theas ag Sráid Furlong.




An EPR Luas trí Lár na Cathrach




Radharc táscach de Luas Chorcaí trí Pháirc Uí Chaoimh

**Cé Uí Chinnéide go Páirc Uí Chaoimh**
Tar éis an droichead iompair phoiblí os cionn na Laoi nua a thrasnú, gabhann an bealach ó dheas feadh Shráid Furlong sula gcasann sé soir amach ar Bhóthar na Páirce Láir, áit a ndéanfar na rianta a scaradh go hiomlán ón trácht eile. Beidh roinnt tógáil talún ag teastáil ag suíomh Southern Milling Limited.

Beidh an EPR comhoiriúnach do Mheasúnú Iompair Cheantarbhunaithe Cheantar na nDugaí Theas agus comhcheanglófar é le Forbairt Cheantar na nDugaí amach anseo, a chruthóidh sráid-dreach mealltach d'iompar poiblí, taisteal gníomhach, agus rochtain ar Cheantar na nDugaí agus ar an Muiríne. Is éard atá sa leagan amach a bheartaítear anseo ná ailíniú scartha Luas ar rian féir, carrbhealach bóthair dhá bhealach agus rotharbhealaí agus cosáin sa dá threo. Beartaítear, trí bhainistíocht ascaille agus tírdhreachú cúramach, barr feabhais a chur ar ascaill Bhóthar na Páirce Láir a bhfuil crainn ar an dá thaobh den bhóthar agus ar shuíomh na Muiríne.

Casann an EPR ó dheas ag Acomhal Bhóthar na Páirce Láir/Bóthar an Marquee sula mbaineann sé Bóthar Uí Mhuineacháin amach, áit a ngabhann an bealach feadh theorainn theas Pháirc na Muiríne nuafhorbartha.

Déanfar deisceart Bhóthar Uí Mhuineacháin a athailíniú go páirteach le spás a dhéanamh do chonair Luas agus tionchair ar Pháirc na Muiríne nuafhorbartha agus ar na crainn aibí sa cheantar á dteorannú a mhéid agus is féidir.

Tar éis Bóthar Uí Mhuineacháin a thrasnú, rachaidh conair Luas faoi bhráid dheisceart an bhóthair, agus beartaítear go bhfreastalóidh stad Luas ag an láthair seo ag a bhfuil leagan amach trí rian ar an staid agus b'fhéidir lena ligean don tseirbhís casadh ar ais i dtreo lár na cathrach ag amanna seachbhuaice.

Cabhróidh an leagan amach trí rian a bheartaítear le seirbhísí níos minice a sholáthar nuair a bhíonn imeachtaí móra ag titim amach ag Páirc Uí Chaoimh. Teastaíonn roinnt tógáil talún ag an láthair seo leis an stad a bheartaítear agus fána ailíniú na rianta a éascú de réir mar a thagann ardú orthu i dtreo Bhaile Mhuire.



Radharc de Pháirc Uí Chaoimh faoi láthair




Radharc táscach de Luas Chorcaí trí Bhóthar na Sceiche Airde

**Páirc Uí Chaoimh go hIonad Siopadóireachta Mahon Point**
Gabhann an EPR ó dheas ó Pháirc Uí Chaoimh ar Bhóthar Bhaile Mhuire, suas cnoc géar chomh fada le hacomhal Bhóthar na Dúcharraige, agus roinntear an bealach le trácht rochtana áitiúla amháin. Teastaíonn oibreacha athghrádánaithe ag an gcuid íochtarach de Bhaile Mhuire le go mbeadh seirbhísí Luas in ann feidhmiú feadh an stráice seo den bhealach.

Trasnaíonn an EPR Bóthar na Dúcharraige ansin agus leanann sé ar aghaidh go dtí Lána na Reilige, áit a dteastóidh roinnt tógáil talún leis an ailíniú a éascú. Áirítear leis seo Teach Tábhairne The Venue Bar, foirgneamh sainchomhartha iomráiteach i mBaile an Teampaill. Beartaítear an suíomh cúinne seo a aischur mar chuid de na hoibreacha, ar aon dul le stádas Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) an tsráidbhaile.

Leanann an EPR ó dheas ar Lána na Reilige agus roinntear an bealach leis an trácht i gcoitinne, ach ní cheadófar ach rochtain áitiúil, go dtí Acomhal Lána na Reilige/Bhóthar an Bhóithrín Mheánaigh. Déanfar an pháirceáil sráide atá ar fáil faoi láthair ar Lána na Reilige a athlonnú - roinnt ar Lána na Reilige féin agus roinnt eile ar chúl Lána na Reilige, ag an mbealach isteach go dtí Eastát Áth na Fuinseoige.

Cuireann an bóthardhreach níos fairsinge ó Acomhal Bhóthar an Bhóithrín Mheánaigh an deis ar fáil an EPR a scaradh go páirteach agus lána ó thuaidh á chur ar fáil go fóill don trácht i gcoitinne agus bonneagar scartha rothaíochta agus coisithe a sholáthar. D'fhéadfaí tionchar a bheith ar an teorainn leis an gcairéal ag an láthair seo agus déanfar breithniú cúramach ar aischur an tírdhreacha agus ar shuíomh nádúrtha an chairéil a athchóiriú.

Casann an EPR soir amach ar Bhóthar na Sceiche Airde ag bun theas Lána na Reilige. Beartaítear i gConair Iompair Inbhuanaithe (STC) J BusConnects a bheartaítear leagan amach ceithre lána ar Bhóthar na Sceiche Airde go dtí an tráth sin go dtógfar Luas.

Tá stráicí beaga tógála talún ag teastáil leis an scéim a bheartaítear a chur i bhfeidhm go rathúil, i dtreo bhun thoir Bhóthar na Sceiche Airde. Fágann an EPR Bóthar na Sceiche Airde ag acomhal Ascaill na Dúcharraige agus casann sé ó dheas amach ar Nascbhóthar Mhachan, áit a ngabhann an t-ailíniú ar rian scartha laistiar den bhóthar, i gcomhthreo leis an nGlasbhealach atá ann faoi láthair. Coimeádfar an colbha atá ann faoi láthair a bhfuil crainn ar an dá thaobh de laistiar de Nascbhóthar Mhachan.

Glacfar le leagan amach dhá lána lastoir den EPR don trácht i gcoitinne, agus beidh roinnt tógáil talún agus athphlandú crann feadh na dteorainneacha réadmhaoine thoir ag teastáil dá bharr.

Leanfaidh an EPR ó dheas i ndiaidh an ailínithe bóthair chuig an gceann aistir a bheartaítear atá suite soir ó thuaidh d'Acomhal Nascbhóthar Mhachan/Gheata na Cathrach. Cuirfear áiseanna scartha rothaíochta agus coisithe ar fáil feadh Nascbhóthar Mhachan agus gabhfaidh siad chomh fada leis an gceann aistir, áit a ndéanfadh Mol Soghluaisteachta fhéideartha a bheartaítear deiseanna cómhalartaithe iompair a chur chun cinn agus a fheabhsú idir úsáideoirí carranna príobháideacha, iompair phoiblí, agus taistil ghníomhaigh.

Déanfar Acomhal Nascbhóthar Mhachan/Gheata na Cathrach a uasghrádú freisin mar chuid de thograí BusConnects, a chuirfidh áiseanna níos fearr coisithe agus rothaíochta agus nascacht níos fearr ar fáil go dtí Ionad Siopadóireachta Mahon Point.


Radharc de Bhóthar na Sceiche Airde faoi láthair.

# 07 Na Chéad Chéimeanna Eile do Luas Chorcaí



01
Comhairliúchán Poiblí maidir leis an mBealach is **Dealraithí a Roghnófar** (An Chéim Reatha)



02
Anailís ar **Aiseolas**



03
Comhairliúchán Poiblí maidir leis an **mBealach a Roghnófar**



04
**Forbairt Dearaidh**, réamh-chás gnó agus comhairliúchán poiblí reachtúil



05
Iarratas Pleanála um **Ordú Iarnróid** a ullmhú




06
Ceadú an Iarratais **Pleanála um Ordú Iarnróid**



07
Próiseas na **tairisceana tógála**



08
Clár tógála **cúig bliana**




09
**Tosú ar** oibriú Luas Chorcaí



# 08 Deiseanna agus Dúshláin

D'fhéadfadh saincheisteanna teacht aníos ina measc siúd a ndéantar difear díreach dóibh trí bhonneagar poiblí cosúil le Luas Chorcaí a sholáthar. Táimid tiomanta do phróiseas bríoch agus leanúnach comhairliúcháin agus d'idirchaidreamh a dhéanamh le gach duine a ndéanann an togra seo difear dóibh. Is mian linn a dheimhniú cad iad na saincheisteanna siúd, agus conas is féidir linn dul i ngleic leo i gceart. Cabhróidh d'aiseolas linn tuiscint níos fearr a fháil ar roinnt de na saincheisteanna agus na dúshláin atá romhainn.

**Bainistíocht tráchta**
Beidh tionchar ag Luas Chorcaí ar shruthanna tráchta i rith na tógála agus an oibrithe. Tá pleanáil ar conas an trácht seo a bhainistiú mar chuid dár bpróiseas comhairliúcháin agus forbrófar an phleanáil sin i gcomhthráth leis an dearadh.

Coimeádfaimid gach páirtí leasmhar ar an eolas ag gach céim den dearadh, a fhaide le Próiseas an Ordaithe Iarnróid, ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dóibh chun go réitítear saincheisteanna féideartha.

**Fáil réadmhaoine**
Teastóidh ón mbealach a bheartaítear go ndéanfar roinnt talamh phríobháideach a fháil. Tá BIÉ tiomanta do chinntiú go mbainistítear aon talamh a fhaightear ar bhealach cothrom agus cóir. Tá céim réamhdhearaidh bainte amach ag an scéim faoi láthair agus ní fios go fóill an méid tógáil talún a theastaíonn.

Tá cumarsáid á déanamh againn le húinéirí talún agus le tionóntaí i rith an chomhairliúcháin seo ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar agus leanfaidh an chumarsáid sin ar aghaidh.

**Tionchair Timpeallachta**
Oibreoimid i rith an phróisis forbartha dearaidh chun tionchair thimpeallachta a sheachaint agus a laghdú. Glacfaimid i rith na tógála le cuir chuige inbhuanaithe chun na tionchair seo a íoslaghdú agus chun feabhas a chur ar shráid-dreacha, sa chás gur féidir.

Déanfar toir/crainn nua a chur agus tírdhreachú sa scéim freisin chun tionchair amhairc a laghdú agus an bhithéagsúlacht a fheabhsú.

**Oidhreacht chultúrtha**
Mar a bhíonn i gceist le tionscadal tógála ar bith, d'fhéadfadh Luas Chorcaí tionchar a bheith aige ar oidhreacht chultúrtha. Déanfaimid iarracht gach tionchar neamhriachtanach a sheachaint ar láithreacha tábhachtacha. Bainfear é seo amach trí dhearadh cúramach, an próiseas Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus trí dhul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara uile ábhartha.

Oibrítear BIÉ faoi Chód Cleachtais leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ina léirítear ár dtiomantas don acmhainn seo a chosaint go cuí.





# 09 Deiseanna agus Dúshláin

Cuirfidh d'eolas áitiúil eolas ar fáil don dearadh atá ag teacht chun cinn, cabhróidh sé linn feabhas a chur ar an scéim agus cinnteoidh sé go gcruthóidh sé tairbhí duitse agus do na pobail a bhfreastalóidh an bealach orthu. Seo do dheis chun do thuairim a nochtadh faoin mbealach a bheartaítear.

## Conas teacht ar eolas breise

**Gréasán**
Tabhair cuairt ar www.luascork.ie chun teacht ar eolas breise.

**Taispeántas fíorúil**
Is féidir leat cuairt a thabhairt ar www.luascork.ie ar an taispeántas fíorúil chun teacht ar eolas breise ar ár dtograí, ceisteanna a chur ar ríomhphost agus aiseolas a thabhairt. Scan an cód mearfhreagartha chun cuairt a thabhairt ar an taispeántas fíorúil.

**Imeachtaí**
Fógrófar imeachtaí Luas Chorcaí a bheidh ag teacht aníos ar na meáin shóisialta agus ar líne ag www.luascork.ie.

**Seoladh poist**
Más fearr leat an fhreagairt a phriontáil ón suíomh gréasáin, seol í, nó aon chomhfhreagras, chuig:

Luas Chorcaí, Bonneagar Iompair Éireann
Bosca Oifig Phoist 13605
An tOileán Beag
Corcaigh

**Ríomhphost**
Tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh linn trí info@luascork.ie

**Fón**
1800 777 321
Bíonn ár líne ghutháin ar oscailt 24 uair an chloig sa lá. Má fhágann tú teachtaireacht, déanfaimid iarracht glaoch ar ais ort idir 9:30r.n. agus 5i.n. an chéad lá oibre eile.

Nocht do thuairim ag **www.luascork.ie**

**Conas do thuairim a nochtadh**
Téigh go dtí ár suíomh gréasáin, www.luascork.ie, agus tabharfar thú chuig leathanach ar líne ár gcomhairliúcháin. Cláraigh do shonraí agus inis dúinn ansin cad a cheapann tú ar an bhfoirm chomhairliúcháin.

Ar mhaithe le heispéireas oscailte agus trédhearcach comhairliúcháin a chur ar fáil, foilseofar gach aighneacht, ainmneacha iad siúd a dhéanann iad san áireamh, ar líne a luaithe a dhéanfaidh foireann Luas Chorcaí iad a athbhreithniú agus a phróiseáil.

Déanfaimid na tuairimí a fhaighimid a athbhreithniú agus a chur san áireamh a luaithe a dhúnfar an comhairliúchán ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar. Roinnfimid achoimre ar conas a chabhraigh d'aiseolas linn ár bplean a mhúnlú ag an gcéad chéim eile den phróiseas forbartha dearaidh.

Le sonraí iomlána ár mbeartais modhnóireachta, ár mbeartais príobháideachais, agus na téarmaí agus coinníollacha uile eile a léamh, téigh go dtí www.luascork.ie

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

